Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10629/21**

**COASI 105**
**ASIE 30**
**CCG 41**
**TRANS 467**
**COEST 169**
**ASEM 9**
**ENER 321**
**CYBER 211**
**ENV 504**
**DIGIT 95**
**CLIMA 183**
**DEVGEN 139**
**SUSTDEV 99**
**ECOFIN 729**
**COMPET 547**
**EDUC 253**
**RECH 348**
**CULT 50**
**WTO 180**
**RELEX 650**
**OCDE 16**
**AVIATION 202**
**FIN 596**
**FISC 120**
**POLGEN 141**
**TOUR 63**
**MIGR 143**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Iúil 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10234/21 |
| Ábhar: | Eoraip Nasctha Dhomhanda<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Iúil 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip Nasctha Dhomhanda, a d'fhormheas an Chomhairle an 12 Iúil 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip Nasctha Dhomhanda**

I. Fís, prionsabail agus cuspóirí

1. Is é a mheasann an Chomhairle go bhfuil impleachtaí fadtéarmacha ag baint le cur chuige geostraitéiseach i leith na nascachta má táthar le dul chun cinn a dhéanamh ar bheartas eacnamaíoch, eachtrach agus forbartha an Aontais agus ar a leasanna slándála agus luachanna an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn sí a lárnaí atá cearta an duine agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe ós iad is bonn agus taca le cur chun feidhme chlár oibre nascachta an Aontais.

2. Meabhraítear don Chomhairle cur chuige prionsabálta an Aontais i leith na nascachta, ar cur chuige é atá inbhuanaithe (aeráid agus comhshaol, sóisialta, eacnamaíoch agus fioscach), cuimsitheach (iompar, fuinneamh, digiteach agus duine le duine), agus riailbhunaithe (lena ráthaítear neamh-idirdhealú agus lena ndaingnítear cothrom na Féinne). Is dearbhú an cur chuige sin ar thábhacht na hinfheistíochta i gcreataí rialála agus i mbonneagar fisiciúil. Is mór an díol sásaimh don Chomhairle gur sainaithníodh an nascacht mar chuid lárnach de straitéisí réigiúnacha iomadúla an Aontais[1] agus tugann sí dá haire go gcuireann an tAontas i bhfeidhm ar an leibhéal domhanda na bunphrionsabail a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ó 2018 dar teideal '*Connecting Europe and Asia – Building blocks for an EU Strategy'* [An Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile – Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais].

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar feabhsaithe slándála an Aontais san Áise agus leis an Áise (2018); Conclúidí ón gComhairle maidir le caidreamh an Aontais le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib dar teideal 'Joining forces for a common future' [Ag obair le chéile ar mhaithe lenár dtodhchaí i gcomhpháirt] a glacadh in 2019; an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal *'The EU and Central Asia: New Opportunities for a Stronger Partnership'*: [An tAontas Eorpach agus an Áise Láir: Deiseanna Nua do Chomhpháirtíocht Níos Láidre], a glacadh in 2019; Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais don chomhar réigiúnach sa Mhuir Dhubh, a glacadh in 2019; Conclúidí ón gComhairle maidir le Réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe, a glacadh in 2019; an Teachtaireacht Chomhpháirteach *'Towards a comprehensive strategy with Africa'* [I dtreo straitéis chuimsitheach leis an Afraic], a glacadh in 2020; an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'Beartas Comhpháirtíochta an Oirthir tar éis 2020', a glacadh in 2020; Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta na mBalcán Thiar, a glacadh in 2020; Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, a glacadh in 2020; Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt - Clár oibre nua don Mheánmhuir, a glacadh in 2021; Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, a glacadh in 2021.

3. Cuireann an Chomhairle chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag clár oibre nascachta an Aontais maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin do 2019-2024 a chur chun feidhme, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, agus Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle a Dearbhú maidir le Tairseach Sonraí chomh maith leis na Teachtaireachtaí Comhpháirteacha "Compás Digiteach 2030", an Straitéis Thionsclaíoch Nuashonraithe, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála, Straitéis maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, Clár Spáis nua an Aontais do na blianta 2021 go 2027, an Comhdhearcadh Nua Eorpach maidir le Forbairt agus an Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta, arb é is cuspóir ginearálta dóibh araon luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn go seachtrach, lena n-áirítear trí bhíthin na nascachta inbhuanaithe.

4. Tugann an Chomhairle dá haire gur nocht paindéim Covid-19 a thuilleadh tábhacht bhunúsach na nascachta don fhás eacnamaíoch, don tslándáil agus don athléimneacht. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh éifeacht chlaochlaitheach a bheith ag infheistíochtaí sa nascacht inbhuanaithe agus ag infheistíochtaí ardcháilíochta sa bhonneagar ar gheilleagair agus ar shochaithe, go háirithe i gcomhthéacs an téarnaimh as Covid-19 agus rannchuidiú le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras a bhaint amach. Measann sí go gcuirfí dlús le hiomaíochas an Aontais ach clár oibre nascachta an Aontais a chur chun feidhme go straitéiseach, go gcuirfí le héagsúlú na luachshlabhraí, go laghdófaí na spleáchais straitéiseacha, lena n-áirítear spleáchais ar amhábhair chriticiúla, agus go bhfónfaí don ghá atá le héiceachóras digiteach slán, athléimneach, duinelárnach.

5. Cuireann an Chomhairle chun suntais na dúshláin a bhaineann le bonneagar inbhuanaithe ar mórscála a mhaoiniú agus a thábhachtaí atá cúnamh teicniúil láidir. Measann sí go bhfuil noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta intuartha agus creataí fónta rialála ríthábhachtach chun cothrom na Féinne a áirithiú agus chun go mbeadh timpeallacht fhabhrach ann chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil a gcur chuige féin agus a n-uirlisí nascachta forbartha ag príomhgheilleagair eile agus cuireann sí i bhfios go láidir nach mór do gach tionscnamh agus gníomhaíocht den sórt sin ardchaighdeáin idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm. Measann an Chomhairle gurb iad Prionsabail G20 maidir le hInfheistíocht Bonneagair Cháilíochta (Prionsabail G20 QII) agus Treoirlínte Oibríochta G20 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe is ceart mar bhunlíne, agus go dteastaíonn tuilleadh den uaillmhian.

6. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá Comhpháirtíochtaí Nascachta ar cheart dóibh comhoiriúnacht na gcur chuige beartais agus an chomhlántacht a chur chun cinn, i gcomhar iomlán leis na tairbhithe, maidir le hullmhú, cur chun feidhme agus maoiniú tionscadal inbhuanaithe. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus don Ardionadaí comhpháirtíochtaí an Aontais leis an tSeapáin (Meán Fómhair 2019) agus leis an India (Bealtaine 2021) a chur i ngníomh go hiomlán, agus Comhpháirtíocht Nascachta a shaothrú le ASEAN, laistigh de thréimhse ama iomchuí, bunaithe ar Ráiteas Comhpháirteach Aireachta AE-ASEAN maidir le Nascacht (Nollaig 2020). Iarrann sí go mbunófaí tuilleadh comhpháirtíochtaí agus comhar le tíortha agus le réigiúin atá ar aon intinn leis an Aontas, go háirithe leis na Stáit Aontaithe. Ina theannta sin, molann an Chomhairle dlúthchomhar a dhéanamh laistigh de na fóraim iltaobhacha ábhartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí Bhonneagar Cáilíochta G20 agus G7. Is díol sásaimh di, go háirithe, an plé a rinne G7 maidir le hatógáil an domhain ar dhóigh níos fearr trí uirlisí airgeadais a fhorbairt do réimse iomlán na ndúshlán atá le sárú ag tíortha go leor.

## II. CUR CHUN FEIDHME

7. D'fhonn freagairt do na dúshláin agus do na riachtanais a sainaithníodh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí clár oibre nascachta an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach straitéiseach i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí an Aontais ar fud an domhain, agus tús a chur leis an obair nach mór a dhéanamh ar theachtaireacht chomhpháirteach maidir le straitéis nascachta dhomhanda de chuid an Aontais d'fhonn í a chur i láthair faoi earrach na bliana 2022 ar a dhéanaí.

8. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an aidhm sin a shaothrú trí gach modh iomchuí, i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-institiúidí gnó, airgeadais agus forbartha (agus a rannpháirtíocht sna bainc forbartha iltaobhacha faoi seach), agus le BEI, le BEAF, le bainc forbartha iltaobhacha eile agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile, agus marana a dhéanamh ar ghné na nascachta straitéisí inbhuanaithe sa phlé a dhéanfar maidir leis an Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt.

9. Iarrann an Chomhairle, go háirithe, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí na céimeanna seo a leanas a ghabháil de láimh:

i) Sraith de thionscadail agus de ghníomhaíochtaí ardtionchair infheicthe a shainaithint agus a chur chun feidhme ar fud an domhain, faoi dheireadh an chéad ráithe in 2022, más féidir, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dlús a chur le rannpháirtíocht beartais agus rialála le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí uirlisí iltaobhacha a chur chun cinn (go háirithe trí PIMA CAI agus CAI/Banc Domhanda PFRAM) agus trí ardáin iltaobhacha a scaipeadh (amhail SOURCE) ar mhaithe le hullmhú tionscadal mar chuid d'fhorbairt acmhainní sistéamach ionsar bhonneagar ardchaighdeáin;

- tionscnaimh agus tograí nascachta atá á gcur chun feidhme ó glacadh Teachtaireacht Chomhpháirteach 2018 a mhapáil agus a chur i láthair;

- tionscadail nua straitéiseacha nascachta a chur chun cinn sa phróiseas clársceidealaithe le haghaidh CAI 2021-2027, (lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR III), an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)/an Eoraip Dhomhanda agus go háirithe an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe+ agus an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha) bunaithe ar thosaíochtaí a sainaithníodh agus a comhaontaíodh le tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta, lena gcomhlánaítear infheistíocht phríobháideach agus cistiú;

ii) scéimeanna maoiniúcháin comhleanúnacha cuíchóirithe a thíolacadh chun infheistíochtaí i dtaca le nascacht inbhuanaithe a dhreasú, i gcomhréir le hAirt. 2.1 c de Chomhaontú Pháras, bunaithe ar acmhainní poiblí agus príobháideacha a chomhthiomsú i gcur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa. Ar an méid sin, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh:

- gach ionstraim ábhartha airgeadais dá bhfuil ar fáil cheana féin a mhapáil, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais na n-institiúidí airgeadais ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit;

- obair maidir le maoiniú inbhuanaithe agus creidmheasanna onnmhairiúcháin a chur chun cinn;

- uirlisí maoinithe poiblí a úsáid, amhail iasachtaí agus ráthaíochtaí, chun caipiteal príobháideach a charnadh isteach agus chun tacú le tionscadail atá iontaofa ó thaobh brabúis a fhorbairt;

- samhlacha a éascú don mhaoiniú comhpháirteach, an comhar a chur chun cinn i measc infheisteoirí príobháideacha, institiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta (amhail BEI agus BEAF), bainc náisiúnta phríobháideacha agus forbartha agus gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin;

iii) An earnáil phríobháideach a shlógadh chun tionscadail a mhaoiniú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

- an Grúpa Comhairleach Gnó a sheoladh mar ardán éifeachtach comhairliúcháin agus comhordaithe do na gníomhaithe ábhartha uile ar leibhéal an Aontais, mar a bheartaítear i dTeachtaireacht Chomhpháirteach 2018, (gan dochar d'eagraíochtaí tacaíochta gnó atá ann cheana amhail comhlachais tráchtála);

- faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais maidir le tionscadail nascachta de chuid an Aontais, i ndlúthchomhar le heagraíochtaí náisiúnta darb aidhm cur chun cinn na trádála, agus coinníollacha cur chun feidhme tionscadal a chruthú atá fabhrach do rannpháirtíocht ghnólachtaí an Aontais agus cuibhreannais ghnó uile-Eorpacha;

- cothrom na Féinne, rochtain chothrom ar mhargaí agus ar sholáthar rialtais a chur chun cinn chomh maith le deiseanna infheistíochta dírí eachtraí d'earnáil phríobháideach an Aontais i dtríú tíortha;

iv) A áirithiú go mbeidh infheictheacht ag gníomhaíochtaí nascachta domhanda an Aontais trí bhíthin cumarsáid straitéiseach chomhleanúnach i gcur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- insint aontaithe a fhorbairt faoi na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na gníomhaithe ábhartha uile. Ba cheart a áireamh san insint sin ainm branda agus lógó inaitheanta a fhorbrófar in éineacht leis na Ballstáit lena ngabhfaidh feachtas ar mhaithe le hinfheictheacht phoiblí níos fearr, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, in institiúidí idirnáisiúnta agus i bhfóraim;

- óstáil a dhéanamh ar chruinnithe rialta d'Fhóram Nascachta Europa;

v) Comhar agus comhordú éifeachtúil a áirithiú idir na geallsealbhóirí uile, agus tacú leo ar an leibhéal institiúideach is airde, chun a áirithiú go gcuirfear clár oibre nascachta an Aontais chun feidhme go héifeachtach agus go mear; a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí dlúthchomhar a bhunú leis na gníomhaithe ábhartha i ndáil leis sin, lena n-áirítear mar shampla comhar idir Foireann na hEorpa agus na Ballstáit.

vi) An Chomhairle a choimeád i ndlúthpháirt ar bhonn rialta trí bhíthin struchtúir ábhartha.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme na gcéimeanna thuasluaite. Ar bhonn na tuarascála bliantúla, déanfaidh an Chomhairle cur chun feidhme chlár oibre nascachta an Aontais i gcomhlachtaí ábhartha na Comhairle a mheas go rialta.